

## Ábhar Bhailiúchán na Scol ó Chontae Shligigh ar [www.duchas.ie](http://www.duchas.ie) anois

Is féidir béaloideas agus stair áitiúil ó Chontae Shligigh a léamh ar [www.duchas.ie](http://www.duchas.ie) anois.

Ábhar a thaifead daltaí scoile idir 1937 agus 1939 is ea Bailiúchán na Scol, cuid thábhachtach de Chnuasach Bhéaloideas Éireann, UCD. Tá breis is 500,000 leathanach d'ábhar i gceist, a thaifead tuairim is 50,000 dalta scoile i níos mó ná 5,000 scoil sna 26 chontae.

Tá ábhar as na contaetha sin á chur ar fáil ar thaisclann nua de bhéaloideas na hÉireann, dúchas.ie, ó dheireadh 2013 agus is í aidhm an tionscadail go mbeidh sciar mór de Bhailiúchán na Scol ar fáil ar líne faoi dheireadh 2016. Tá ábhar ó Bhaile Átha Cliath, ó Mhaigh Eo, ó Dhún na nGall, ó Phort Láirge, ó Ghailimh, ó Liatroim, ó Chill Dara agus ó Chiarraí ar fáil ar an suíomh cheana. Is toradh é dúchas.ie ar chomhpháirtíocht a cuireadh ar bun in 2012 idir Cnuasach Bhéaloideas Éireann (UCD), Fiontar (DCU) agus an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

Cuirfidh Éireannaigh agus lucht an diaspóra araon suim sa suíomh seo. Is áis iontach é dúchas.ie do thaighdeoirí a chuireann suim i léann an bhéaloidis, sa stair áitiúil, sa tseandálaíocht, i gcúrsaí ginealais, sa teangeolaíocht agus i réimsí taighde eile. Is féidir an bailiúchán a chuardach faoi láthair de réir áiteanna agus de réir daoine; seolfar cuardach de réir topaicí go luath.

Ghlac beagnach 150 scoil páirt sa scéim i gcontae Shligigh agus tiomsaíodh 34 imleabhar mór d'ábhar béaloidis.

Dúirt an tAire Stáit do Ghnóthaí Gaeltachta, Joe McHugh, TD, 'Is céim thábhachtach eile í seo sa tionscadal nuálach seo a chuirfidh ábhar úr maidir le saol traidisiúnta na hÉireann sna blianta a chuaigh thart ar fáil don phobal i gcoitinne. Cuirfidh an t-ábhar nua seo ar chumas an taighdeora agus go leor daoine eile an difríocht a fheiceáil idir saol an lae inniu agus an saol mar a bhíodh, breis agus 80 bliain ó shin.'

Tá dúchas.ie á fhorbairt ag Fiontar, aonad teagaisc agus taighde trí mheán na Gaeilge in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, agus ag Cnuasach Bhéaloideas Éireann i UCD, ceann de na cnuasaigh béaloidis is mó ar domhan. Tá an tionscadal dúchas.ie á chómhaoiniú ag UCD agus ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta.


Tá ról comhairleach ag Taisclann Dhigiteach na hÉireann (DRI) in obair dúchas.ie maidir le caighdeán agus idir-inoibritheacht i gcartlannú digiteach.

### CRÍOCH

Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le Clare Coughlan

[clare.coughlan@dcu.ie](mailto:clare.coughlan@dcu.ie)

(01) 700 6577



*An Roinn  
Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta  
Department of  
Arts, Heritage and the Gaeltacht*



Nóta d’eagarthóirí:

Bhí an-chuid **nósanna** agus **piaseog** ag muintir Shligigh fadó, de réir dealraimh, go háirithe nósanna a bhaineann leis an aimsir nó le laethanta faoi leith.

Ní raibh carranna ann san am sin, agus ar **laethanta bainise**, díreach i ndiaidh don lánúin nuaphósta an séipéal a fhágáil, bhíodh sé de nós ag muintir [Áth Iomghlaise](#) dul ar muin capaill agus imeacht chomh tapa agus is féidir leo chuig teach na brídí – agus [bhí gloine fuisce d’fhear bainte an rása!](#) Léigí faoi na **“straw boys”** (nó na **“cleithirí”** mar a ghlaioití orthu chomh maith) [anseo](#) agus tuilleadh nósanna [anseo](#) agus [anseo](#).

Bhain nósanna ar leith leis an **tórramh** chomh maith. Is iad **“My Nine Daughters”** agus **“Catching the Goat”** roinnt de na cluichí a d’imríte acu. Léigh faoi na cluichí sin agus tuilleadh [anseo](#).

Nós eile a bhí ann i g[Cliafuine](#) ná na cleamairí nó **“mummers”** – grúpaí de dheichniúir agus iad gléasta in éadaí aisteacha, aghaidheanna fidil agus seanhataí briste brúite. Ar nós lucht an dreoilín, théadh na cleamairí ó theach go teach ag damhsa, ag rá amhrán agus ag seinm ceoil. Seo an rann a deiridís:

Here comes I wee Paddy Clout  
With the wrong side of his shirt turned out  
Money I want, and money I crave  
If you don’t give me money I will sweep  
you all away to the grave.

Nós eile a bhí ann tráth ná **Banríon na Bealtaine**. Léigh tuilleadh faoin nós seo agus faoi nós na gcleamairí [anseo](#). Léigí faoi nós **“Bríghid Óg”** [anseo](#). Tuilleadh nósanna le léamh [anseo](#) agus [anseo](#) agus [anseo](#).

Maidir leis an **aimsir a thuar**, chreid muintir Áth Iomghlaise go mbeadh gaoth láidir ann dá mbeadh spéir dhearg thart ar [an nGarastún](#). Seo sampla eile den saghas [féilíochta céanna](#):

No matter how good the morning may be  
if Benbulbin wears its “white cap” (of mist)  
the day will be showery.

Tuilleadh féilíochta le léamh [anseo](#) agus [anseo](#) agus [anseo](#).

Aon duine a thugann cuairt ar bhaile Shligigh ní fhéadfadh sé gan roinnt áiteanna suntasacha a thabhairt faoi deara. Ar ndóigh, tá Binn Ghulbain ann, agus is féidir léamh [anseo](#) faoin torc a mharaigh Diarmaid agus uail chaointe Ghráinne a chluintear ann i gcónaí. Ar an taobh thiar den bhaile tá carn ar Chnoc na Riabh agus insítear sa scéal [seo](#) gur uaigh Mhéabha, Banríon Chonnacht atá ann. Tá cuntas [anseo](#) ar na cathanna i Maigh Tuireadh nuair a bhuaigh Tuatha Dé Danann ar na Fir Bolg agus ansin ar na Fomhóraigh.

Tá na **mílte scéalta** ann ar [www.duchas.ie](#), ní hamháin faoi nósanna agus piaseoga ach faoi gach ábhar faoin spéir – [seanfhocail](#), [amhráin](#), [éarlaimh](#), [na daoine maithe](#), [eachtraí aisteacha](#), [leigheasanna áiféiseacha](#), srl. ach críochnóidh mé leis an **tomhas** seo:

Siúd thall ort é, ní trom leat é  
Ní ball de bhall do choirp é  
‘S tá sé ort ina dhiaidh sin.

Faighigí amach an freagra [anseo](#). Tuilleadh tomhas le fáil [anseo](#).